

Ábhar

Scrúdú Cainte

Mír Físe

An Gearrscannán *Lipservice*

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Gearrscannán *Lipservice*

Beidh tú ag féachaint ar ghearrscannán Gaeilge dar teideal *Lipservice*. Is scannán é faoin scrúdú cainte a bhíonn mar chuid den Ardeistiméireacht.

Réamhobair

1. Déan ransú intinne le do ghrúpa ar na rudaí go léir a thagann isteach i d'aighe nuair a chloiseann tú na focail 'scrúdú cainte' nó 'scrúdú béil'.
2. Pléigh na ceisteanna seo:
 - An bhfuil scrúdú cainte tábhachtach chun cumas Gaeilge duine a mheas?
 - An dtugann na scrúduithe cainte a bhfuil taithí agatsa orthu léargas maith ar chumas Gaeilge duine, dar leat?
 - Cén cineál ullmhúcháin a dhéanann mic léinn do scrúduithe cainte?
 - Cad iad na slite a ndéanann tú féin measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agat sa teanga?
3. Féach ar na samplaí seo d'earráidí coitianta a bheidh le cloisteáil sa scannán. Pléigh iad agus déan iarracht iad a cheartú.

'Tá mé ar feabhas ar fad'.

'Chun na fírinne a rá'.

'An raibh tú sa Ghaeltacht riamh?' 'Bhí mé sa Ghaeltacht riamh'.

'Ceist suimiúil é sin'.

Éisteacht

Gluais:

'Tíos' – 'eacnamaíocht bhaile'

'Lá an Bhreithiúnais': *day of judgement*

Anois féach ar an scannán agus déan na cleachtaí seo:

- Cad iad na moltaí atá ag na mic léinn mar fhreagra ar an gceist seo a chuireann an scrúdaitheoir orthu:

'Cad a mholfása chun úsáid na Gaeilge i do cheantar féin a chothú?'

Cad a cheapann tú den cheist?

Pléigh na ceisteanna seo:

- Cad a shíl tú den scannán?
- Cén teachtaireacht atá sa scannán, dar leat?

- Déan comparáid idir an taithí a bhí agat féin sa scrúdú cainte agus an taithí atá ag na mic léinn sa scannán.
- Conas a chuirfeá síos ar phearsantacht an scrúdaitheora sa scannán?
- Cad atá i gceist leis an gcomhrá seo idir na múinteoirí, dar leat?

‘Tá an Tiarna linn’
‘Ar a laghad ní Ciarraíoch é’

Feasacht Teanga

Féach ar na focail/frásaí seo a leanas a bhí le cloisteáil sa scannán agus léirigh le samplaí conas iad a úsáid.

dóthain
pointe / pionta
ar iarraidh / ag iarraidh
éirí / d’éirigh leo

Bíonn an claonadh ag mic léinn uaireanta codanna foirmleacha den teanga a fhoghlaim de ghlanmheabhair don scrúdú cainte. Féach ar na samplaí thíos as an scannán – an dóigh leat go bhfuil siad nádúrtha? An bhfuil cinn áirithe atá níos mínádúrtha / níos mí-oiriúnaí ná a chéile? Ceartaigh earráidí más gá.

- ‘Ní thuigeann siad saol na daoine óga sa lá atá inniu ann’.
- ‘Déagóirí – uafásach – an bhfuil tú ag magadh? Féach ar chuairt an Phápa mar shampla’.
- ‘Tá na drochdhaoine seo ag dul timpeall ag díol drugaí go hoscailte’.
- ‘Ceist suimiúil é sin i mo thuairim féin’.
- ‘Is teanga álainn í, tá sí ceolmhar’.
- ‘Ansin chuamar go dtí an dioscó agus d’ólamar gloine líomanáide’.
- ‘Gach maidin d’éirigh mé ag a seacht a chlog agus rith mé ar scoil’.
- ‘Tóg go bog é agus ná bí dána’.
- ‘Is ceantar ciúin é agus is ceantar an-sibhialta é’.

Seo thíos samplaí de fhrásaí mínádúrtha a mbaineann mic léinn úsáid astu go minic ina gcuid cainte – cad atá ‘mícheart’ leo, dar libh?

- ‘bhí spórt agus spraoi ann’
- ‘ó mo Dhia’
- ‘tá sceitimíní áthas an domhain orm’
- ‘áfach is fadhb mhór é’
- ‘is é mo thuairim gan amhras ar bith’
- ‘bhain mé fíor-sult as’

Plé

Cén fáth ar tugadh *Lipservice* ar an scannán seo, dar leat?

Cad é an dearcadh faoin teanga / faoin gcultúr atá á léiriú sna ráitis seo thíos as an scannán?

- ‘Is teanga álainn í, tá sí ceolmhar ach ní maith liom an modh coinníollach’.
- ‘Cén sórt duine é an file sin, meas tú?’. ‘Bhí sé tinn go minic agus fuair sé bás’.
- ‘...céilí...you know, *Riverdance*...’

Tascanna

Pléigh le do ghrúpa cad iad na slite ar cheart measúnú a dhéanamh ar mhic léinn sa chéad bhliain sa Choláiste agus scríobhaigí moltaí bunaithe ar an bplé a bhí agaibh. Cuirigí na moltaí sin i láthair an ranga.

Scríobh cúpla líne faoin scannán seo a bheadh oiriúnach le dul ar chúl an bhosca scannáin.